



Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2014

Uimhir

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--

StudentBounty.com

Matamaitic

Aonad T6 Páipéar 1

(Gan Áireamhán)

Ardsraith



[GMT61]

GMT61

DÉ HAOINE 30 BEALTAINE, 1.30 pm–2.45 pm

AM

1 uair 15 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na freagraí a scríobh sna spásanna chuige sin. Ná scríobh taobh amuigh den bhosca, thart ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.

Comhlánaigh le peann gorm nó le peann dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** de na **sé cheist déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

Níl cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Déanfar Eilimintí Feidhmeacha a mheas sa pháipéar seo.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **gceist 13**.

Ba chóir duit rialóir, compáis agus uillinntomhas a bheith agat.


Tá an Bhileog Foirmli ar leathanach 2.

8803.02




Bileog Foirmlí

Toirt priosma = achar trasghearrtha \times fad




Achar traipéisiam = $\frac{1}{2}(a+b)h$




Toirt sféir = $\frac{4}{3}\pi r^3$

Achar dromchla sféir = $4\pi r^2$



Toirt cóin = $\frac{1}{3}\pi r^2 h$

Achar dromchla chuartha cóin = $\pi r l$




An chothromóid chearnach:

Faightear réitigh $ax^2 + bx + c = 0$,
an áit a bhfuil $a \neq 0$ tríd

$$x = \frac{-b \pm \sqrt{b^2 - 4ac}}{2a}$$

I dtriantán ABC ar bith



Riail an tSínis: $\frac{a}{\sin A} = \frac{b}{\sin B} = \frac{c}{\sin C}$

Riail an Chomhshínis:

$$a^2 = b^2 + c^2 - 2bc \cos A$$

Achar an triantáin = $\frac{1}{2} ab \sin C$



1 Oibrigh amach an luach atá ar $\frac{Q^2(4-R)}{3}$ nuair atá $Q = -3$ agus $R = 6$

Freagra _____ [3]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Iomlán Cheist 1

2 (a) Ag glacadh leis go bhfuil $24 \times 640 = 15\,360$

ná scríobh ach an freagra ar 2.4×64

Freagra _____ [1]

(b) Ag glacadh leis go bhfuil $\frac{25\,600}{80} = 320$

ná scríobh ach an freagra ar $\frac{2560}{8}$

Freagra _____ [1]

Iomlán Cheist 2

[Tiontaigh an leathanach



3 (a) Ríomh $600 \div 0.2$

Freagra _____ [2]


(b) Gan an freagra ar 40×0.752 a oibriú amach, scríobh cé acu a bheidh sé níos mó, nó níos lú, ná 40
Mínigh do fhreagra go soiléir.

Beidh sé _____ mar _____
_____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
Iomlán Cheist 3	

4 Faigh achar an chrutha thíos.

Tá na faid uilig ina gceintiméadair.




níl an léaráid
tarraingthe go beacht

Freagra _____ cm^2 [2]

Iomlán Cheist 4	



- 5 Fágann Marcas an baile ar 0800 le siúl chun na scoile. Tosaíonn an scoil ar 0900. Taispeántar cuid dá thuras sa ghráf faid is ama.



- (a) Oibrigh amach a mheánluas don chuid seo den turas. Tabhair do fhreagra ina chiliméadair san uair.

Freagra _____ km/uair [2]

- (b) Ar 0820 stopann sé ag siopa ar feadh 10 nóiméad. Ansin críochnaíonn sé a thuras chun na scoile ar 6 km/uair. Baineann sé an scoil amach 2 nóiméad sula mbuaileann clog 0900. Comhlánaigh an graf taistil lena thuras a léiriú. [3]

- (c) Uaidh sin aimsigh an fad slí ón tsiopa go dtí an scoil.

Freagra _____ km [2]

[Tiontaigh an leathanach

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Iomlán Cheist 5



6 Taispeántar sa tábla cuid de na dóchúlachtaí faoin am a thagann othair chuig coinní fiaclóra.

Tagann an t-othar	Dóchúlacht
Luath	0.1
Díreach in am	0.58
Mall	
Ní thagann ar chor ar bith	0.06

Ríomh an dóchúlacht

(a) go mbeidh an t-othar mall, Freagra _____ [2]

(b) go dtagann an t-othar. Freagra _____ [2]


Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Iomlán Cheist 6

8803.02





Tarraing agus scáthaigh íomhá an triantáin i ndiaidh rothlú 90° ar tuathal thart ar an pointe $(-1, 1)$.

[2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
Iomlán Cheist 7	

[Tiontaigh an leathanach



- 8 Ligeann Niamh do phíosáí tósta titim i dturgnamh lena fheiceáil cé acu a thuirlingíonn siad subh in airde nó subh in íochtar. Tá a cuid torthaí anseo.

Líon na dtrialacha	10	50	100	500	1000
Subh in Íochtar	4	29	61	308	623
Minicíocht Choibhneasta	0.4		0.61	0.616	0.623

- (a) Comhlánaigh an luach minicíochta coibhneasta atá ar iarraidh ón tábla. [1]
- (b) Ó na torthaí i dturgnamh Niamh, an bhfuil sé níos dóchúla, dar leat, go dtuirlingeoidh píosa tósta subh in airde nó subh in íochtar? Mínigh do fhreagra.

_____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Iomlán Cheist 8

- 9 (a) Athscríobh $y - kx = t$ i dtéarmaí x

Freagra $x =$ _____ [2]

- (b) Athscríobh $t = \frac{r}{p} + 1$ i dtéarmaí r

Freagra $r =$ _____ [2]

Iomlán Cheist 9



10 Simpligh

(a) $m^3 \times m^3$

Freagra _____ [1]

(b) $\sqrt{\frac{\pi x^3}{9\pi x}}$

Freagra _____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc


Iomlán Cheist 10

11 Cuireadh ceist ar dhaltaí sa 6ú Foirm faoin chineál de dheoch is mó a roghnaíonn siad ag an lón.

	Uisce	Bainne	Deoch Shúilíneach	Iomlán
Fireann	32	13	85	130
Baineann	16	30	74	120
Iomlán	48	43	159	250

Roghnaíodh dalta go randamach as an 6ú Foirm.

Bain úsáid as an fhaisnéis sa tábla le léaráid chrann na dóchúlachta a chomhlánú.



[3]

Iomlán Cheist 11

[Tiontaigh an leathanach



12 Scríobh an deachúil athfhillteach 0.145 mar chodán.

Freagra _____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc


Iomlán Cheist 12

8803.02



Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

- 13 Tá sleasa x , y agus $y + 1$ ag an triantán dronuilleach mar a thaispeántar, an áit ar slánuimhreacha iad x agus y .




**Cruthaigh go gcaithfidh x a bheith ina chorrúimhir.
Mínigh do chuid oibre go soiléir.**

[4]


Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
Iomlán Cheist 13	

[Tiontaigh an leathanach





A



B


Tá seacht liathróid i ngach ceann de dhá mhála chomhionanna. Tá ceithre liathróid bhána agus trí liathróid dhubha i ngach mála. Baineann Stephen liathróid amháin go randamach amach as gach mála. Ríomh an dóchúlacht go mbaintear liathróid dhubh amháin ar a laghad amach.

Freagra _____ [3]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
Iomlán Cheist 14	



15



Bain úsáid as an ghraf de $y = \cos x$ leis an chothromóid $\cos x = -0.85$ a réiteach.

Freagra $x =$ _____ [2]


Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna	Athmharc
Iomlán Cheist 15	

[Tiontaigh an leathanach



16 Tarraingítear an graf de $y = x^2 - 4x + 1$



Tarraing líne dhíreach chuí ar an eangach leis an chothromóid $x^2 - 3x - 2 = 0$ a réiteach.

Freagra $x =$ _____ [3]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
Iomlán Cheist 16	





NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

8803.02



NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
14	
15	
16	

Marc Iomlán

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

8803.02

